2016. M99T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2016**

# STAIR – ARDLEIBHÉAL

## RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS DHÉANACH, 1815-1993

**An scrúdú scríofa: 400 marc**
**An Tuarascáil ar an Staidéar Taighde a seoladh isteach roimh ré: 100 marc**

## DÉ CÉADAOIN, 15 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 - 4.50

***Treoracha d'iarrthóirí:***
Tabhair faoi na Ranna 1, 2 agus 3 istigh a fhreagairt.

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3)
Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (200 marc)**

Éire: Topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.
Freagair ceist amháin as gach ceann den dá thopaic a roghnaíonn tú.

- **Roinn 3 (100 marc)**

An Eoraip agus an domhan mór: Topaicí 1, 2, 4, 5, 6.
Freagair ceist amháin as topaic amháin.



**[Thall**

## ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*
**Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945**

Cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:
***Slógaí Nurnberg***

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos:

1. (a) De réir dhoiciméad A, cad a cheap an gnáthfhear de chuid an SA faoi bheith i láthair ag Nurnberg?

   (b) Cad atá le rá ag doiciméad B faoin gceol ag Nurnberg?

   (c) Cén chaoi a dtaispeántar i ndoiciméad A nárbh aon dóithín a bheith i láthair ag Nurnberg?

   (d) De réir dhoiciméad B, cén teicníc shoilsithe a úsáideadh laistigh den staidiam agus cén éifeacht a bhí aici? (20)

2. (a) An bhfuil an dá dhoiciméad ar aon fhocal go raibh pearsantacht Hitler níos tarraingtí ná a chuid smaointe? Mínigh do fhreagra agus tagairt agat don dá dhoiciméad.

   (b) An bhfuil scríbhneoirí an dá dhoiciméad ag déanamh iontais faoin gcúis a bhféadfadh duine mar Hitler an oiread sin measa a thuilleamh dó féin? Mínigh do fhreagra agus tagairt agat don dá dhoiciméad. (20)

3. (a) An dóigh leat gur foinse oibiachtúil é doiciméad A? Tabhair fáthanna le do fhreagra agus tagairt agat don doiciméad.

   (b) Cé acu doiciméad is fearr a thugann léargas ar ar tharla ag Slógadh Nurnberg? Tabhair fáthanna le do fhreagra agus tagairt agat don dá dhoiciméad.

   (20)

4. Cad a chuir Slógaí Nurnberg agus/nó Joseph Goebbels le bolscaireacht na Naitsithe?

   (40)

## - Doiciméad A -

**Sa sliocht coimrithe seo tá Charles Bewley, ionadaí na hÉireann sa Ghearmáin ó 1933 go dtí 1939, ag smaoineamh siar ar Shlógadh Nurnberg in 1933. Scríobh sé an cuntas seo sna 1960idí.**

D'fhéadfadh sé, sna blianta ina dhiaidh sin, go raibh sé coitianta a bheith rannpháirteach ag Nurnberg; ach in 1933, ní fhéadfadh aon fhear de chuid an SA aon onóir níos mó a shamhlú ná go roghnófaí é chun ionadaíocht a dhéanamh ar son a chomrádaithe ag slógadh an pháirtí.

Níorbh aon dóithín é sin. Tháinig siad, tar éis máirseáil éigeantach a bheith déanta acu go minic, ó gach cearn den Ghearmáin. Ba ghearr iad na hoícheanta a chaith siad ar a gcuid tochtanna tuí. B'fhada iad na laethanta a chaith siad ar paráid agus ar garda. Ach glacadh le gach anás mar íobairt ar son na hAthartha.

Níor léiríodh mórán díograise i leith theagasca an tSóisialachais Náisiúnta, ná mórán tuisceana orthu. Ach léiríodh dílseacht fhanaiceach do Adolf Hitler mar fhear a bhainfeadh glóir amach don Athartha agus a d'fhuasclódh fear oibre na Gearmáine ó chrá croí na dífhostaíochta.

Ag cruinniú oíche, timpeallaithe ag meirgí agus ag soilse cuardaigh, ní raibh le feiceáil againne, nár Ghearmánaigh sinn, ach gnáthdhuine. Ach ní raibh aon duine againn nár aithin – ainneoin a chuid comóntachta agus an easpa gnaíúlachta a bhain leis – go raibh bua éigin ag Hitler a chuaigh i gcion ar anam an Ghearmánaigh. Ba leor sracfhéachaint ar na haghaidheanna timpeall orainn chun a léiriú gurbh é Meisias na nGearmánach é, a bhí tagtha chun a mhuintir a shlánú.

Foinse: W.J. McCormack (eag.) Charles Bewley, *Memoirs of a Wild Goose* (Baile Átha Cliath, 1989)

## - Doiciméad B -

**Sa sliocht coimrithe seo, tráchtann Virginia Cowles, iriseoir Meiriceánach, ar Shlógadh Nurnberg.**

Bhí tarraingteacht Hitler féin i bhfad níos cumhachtaí ná aon tarraingteacht a bhain le teagasc Hitler. Chreid mórán de mhuintir na Gearmáine go raibh buanna osnádúrtha aige. Is cinnte gur spreag na holltaispeántais in Nurnberg samhail an osduine.

San oíche mhéadaigh prócaí ollmhóra agus iad ar lasadh ag barr an staidiam cáilíochtaí misteacha an deasghnátha, agus ag an am céanna bhí an tuilsoilsiú ó na céadta de shoilse cuardaigh cumhachtacha ag scairteadh go taibhsiúil ar an spéir. Bhí sollúntacht a bhí beagnach diaganta ag baint leis an gceol agus é á thionlacan ag bualadh seasta drumaí.

Nuair a bhí an t-am a raibh an Führer le teacht i láthair ag druidim linn, thug mé faoi deara gur éirigh an slua míshuaimhneach. Go tobann mhéadaigh bualadh na ndrumaí. Tháinig scuaine de charranna dubha isteach go tapa san airéine. Bhí Hitler ina sheasamh sa suíochán tosaigh i gceann acu, a lámh sínte amach aige agus é ag déanamh cúirtéis na Naitsithe.

Nuair a thosaigh sé ag labhairt tháinig na gártha molta ón slua. Thosaigh cuid acu ag luascadh anonn agus anall agus iad ar mire. D'fhéach mé i mo thimpeall agus chonaic mé daoine ag silt na ndeor. Ach níos déanaí, nuair a d'fhág sé an t-ardán agus nuair a chuaigh sé ar ais ina charr, go tobann ní raibh ann ach pearsa beag suarach gan éifeacht.

Foinse: Virgina Cowles, *Looking for Trouble* (Londain, 1941)

**[Thall**

**ROINN 2: ÉIRE**

**Freagair ceist amháin as gach ceann de dhá cheann de na topaicí thíos.**

*Éire: Topaic 1*

**Éire agus an tAontas, 1815-1870**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Le linn na tréimhse 1815-1870, conas a d'fhorbair réigiún Bhéal Feirste ar bhealaí a bhí difriúil leis an gcuid eile d'Éirinn? (100)
2. Cad iad na haidhmeanna a bhí ag Dónall Ó Conaill agus cé chomh maith agus a d'éirigh leis iad a bhaint amach? (100)
3. Conas a chuir ceann amháin nó níos díobh seo a leanas le faoiseamh ó chruatan in Éirinn: Dlí na mBocht; freagairtí an rialtais don Ghorta; Asenath Nicholson? (100)
4. Cad a chuir duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas le forbairt náisiúnachas na hÉireann: Thomas Davis; Charles Kickham; James Stephens? (100)

*Éire: Topaic 2*

**Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad a chuir Davitt agus Parnell leis an gcorraíl faoi chúrsaí talún agus le leasú chóras na talún? (100)
2. Cad iad saincheisteanna agus na torthaí a bhain le toghcháin 1885 agus 1886 agus/nó le stailc agus frithdhúnadh Bhaile Átha Cliath (1913)? (100)
3. Le linn na tréimhse 1870-1914, cé chomh rathúil agus a bhí lucht an Aontachais agus iad ag cur i gcoinne an Rialtais Dúchais? (100)
5. Cad a chuir Conradh na Gaeilge agus/nó Athbheochan na Litríochta Angla-Éireannaí leis an saol in Éirinn? (100)

*Éire: Topaic 3*

**Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na príomhimeachtaí a bhí i mBaile Átha Cliath le linn Éirí Amach 1916 agus ar tháinig 'athrú iomlán', i bhfocail Yeats, ar Éirinn mar thoradh orthu? (100)
2. Cén fáth ar eascair conspóid as reáchtáil agus as toradh idirbheartaíocht an Chonartha, Deireadh Fómhair-Nollaig, 1921? (100)
3. Le linn na tréimhse 1912-1940, cad iad na láidreachtaí agus na laigí a bhain le James Craig mar cheannaire polaitiúil? (100)
4. Cé chomh maith agus a chuaigh rialtais Éireannacha i ngleic leis na fadhbanna sóisialta agus eacnamaíochta a bhí rompu, 1923-1945? (100)

*Éire: Topaic 4*

**Diaspóra na hÉireann, 1840-1966**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Conas a chuir duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas le náisiúnachas na hÉireann mar fhórsa idirnáisiúnta: John Devoy; an tArdeaspag Daniel Mannix; De Valera i Meiriceá (Meitheamh, 1919-Nollaig, 1920)? (100)
2. Cé chomh maith agus a d'éirigh le hAontachtaithe Uladh ina n-iarrachtaí stocaireacht a dhéanamh i gcomhair tacaíocht idirnáisiúnta i measc imircí Ultacha? (100)
3. Le linn na tréimhse 1920-1966, cén fáth ar roghnaigh an oiread sin imirceach Éireannach an Bhreatain mar cheann scríbe agus cé chomh mór agus a comhshamhlaíodh iad? (100)
4. Cad iad na rudaí ar éirigh leo agus na rudaí ar theip orthu i Misean an Spioraid Naofa chuig an Nigéir, 1945-1966? (100)

*Éire: Topaic 5*

**An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Le linn na tréimhse 1949-1969, cén rath a bhí ar rialtas Thuaisceart Éireann ag freagairt d'fhadhbanna a d'eascair ón ngeilleagar agus/nó ó chaidreamh pobail? (100)
2. Cén fáth ar tharla conspóid de bharr gníomhaíochtaí Phrintísigh Dhoire nó de bharr ollscoil nua a lonnú i gCúil Raithin? (100)
3. Cad iad na láidreachtaí agus na laigí a bhain le Brian Faulkner mar cheannaire polaitiúil? (100)
4. Cén tionchar a bhí ag duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas ar Thuaisceart Éireann: Bernadette Devlin; John Hume; Seamus Heaney? (100)

*Éire: Topaic 6*

**An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Le linn na tréimhse 1949-1959, cé chomh héifeachtach agus a bhí rialtais na hÉireann ag dul i ngleic leis na fadhbanna bhí rompu? (100)
2. Cad a bhain Seán Lemass amach i ngnóthaí baile agus i ngnóthaí eachtracha, agus cad a d'fhág sé gan déanamh? (100)
3. Cé acu ba mhó tionchar ar shochaí na hÉireann, an Dara Comhairle Vatacánach nó CEE? Déan do chás a áitiú agus tagairt agat don dá cheann acu i do fhreagra. (100)
4. Conas a chuir duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas leis an athrú i bPoblacht na hÉireann: Sylvia Meehan; Mary Robinson; Garret FitzGerald? (100)

## ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR
**Freagair ceist amháin as ceann amháin de na topaicí thíos.**

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*
### An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth a raibh sraith réabhlóidí ar fud na hEorpa in 1848 agus cén fáth ar theip ar Réabhlóid 1848 sa Ghearmáin? (100)
2. Cé acu leasaitheoir ba mhó a raibh rath air, Robert Owen nó Robert Peel? Déan do chás a áitiú agus tagairt agat don bheirt acu. (100)
3. Conas a d'fhorbair náisiúnachas na mBalcán, 1815-1871, agus cé chomh mór agus a bhí sé ina bhagairt do sheasmhacht na hEorpa? (100)
4. Cad iad na nithe a bhain Charles Darwin agus/nó Victor Hugo amach? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*
### Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Le linn na tréimhse 1871-1914, an aontófá go raibh polasaí eachtrach Wilhelm II níos gríosaithe ná polasaí Bismarck? Déan do chás a áitiú agus tagairt agat don bheirt i do fhreagra. (100)
2. Conas a d'fhorbair an tionsclaíocht san Eoraip, 1870-1914, agus cén tionchar a bhí aici ar an tsochaí? (100)
3. Cad a d'fhoghlaim tú faoin gCéad Chogadh Domhanda ón staidéar a rinne tú ar an gcogadh á fhearadh agus/nó ar litríocht an chogaidh? (100)
4. Cad a chuir duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas le gnóthaí na hEorpa: An Pápa Leo XIII; Marie Curie; Rosa Luxemburg? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*
### Easaontas agus athailíniú san Eoraip, 1945-1992

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh maith agus a bhí an Rúis Shóivéadach ag coinneáil smachta ar Oirthear na hEorpa,1945-1992? (100)
2. Cén tionchar a bhí ag ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas ar gheilleagair an iarthair: Cúnamh Marshall; gluaiseachtaí i dtreo aontas na hEorpa, 1945-1973; Géarchéim na hOla in 1973? (100)
3. Le linn na tréimhse 1945-1992, conas a d'fhorbair ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: rachmas, am fóillíochta agus sochaí an tomhaltais; cumhacht núicléach; an ríomhaire? (100)
4. Cad a bhain duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas amach: Alexander Solzhenitsyn; Simone de Beauvoir; John Lennon? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*

## Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh mór agus a chuir an Bhreatain le teannas sa Mheánoirthear, 1945-1966? (100)
2. Cén tábhacht a bhain le dealú Katanga ina chomhthéacsanna náisiúnta agus idirnáisiúnta? (100)
3. Cé acu ab fhearr a dhéileáil le caidreamh idir ciníocha, an Bhreatain nó an Fhrainc? Déan do chás a áitiú agus tagairt agat don dá cheann i do fhreagra. (100)
4. Cad a chuir Nadine Gordimer agus/nó Chinua Achebe leis an litríocht iarchoilíneach? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*

## Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé acu Truman nó Johnson ba mhó le rá mar uachtarán? Déan do chás a áitiú agus tagairt agat don bheirt acu i do fhreagra. (100)
2. Le linn na tréimhse 1945-1989, cén tionchar a bhí ag McCartachas agus/nó ag an ngluaiseacht frithchogaidh ar shochaí na Stát Aontaithe? (100)
3. Cad iad na láidreachtaí agus na laigí a bhain le geilleagar na Stát Aontaithe, 1945-1989? (100)
4. Cén tábhacht a bhain leis an tuirlingt ar an ngealach (1969) agus/nó le *Star Wars*? (100)

# Leathanach Bán